CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 149/25
Lucsamburg, 2 Nollaig 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-34/24 | Stichting Right to Consumer Justice agus Stichting App Stores Claims

# Tá dlínse ag cúirteanna na hÍsiltíre caingean ionadaíoch a éisteacht maidir le hiompar frithiomaíoch líomhnaithe Apple i ndáil lena App Store do mhargadh na hÍsiltíre

Coinníonn Apple coimisiún ar phraghas díola aipeanna tríú páirtí a dhíoltar ina App Store. De réir dhá fhondúireacht Ísiltíreach a chosnaíonn na leasanna comhchoiteanna iolrachas úsáideoirí neamhaitheanta, ach inaitheanta, gléasanna Apple, tá na coimisiúin sin iomarcach agus déantar díobháil do na húsáideoirí sin. Cáineann siad iompar frithiomaíoch Apple agus thug siad imeachtaí os comhair chúirteanna na hÍsiltíre. Cuireann Apple i gcoinne dhlínse na cúirte Ísiltírí, áfach, toisc nár tharla an teagmhas díobhálach líomhnaithe san Ísiltír agus, go háirithe, in Amstardam. Nuair a cheistítear í sa chomhthéacs sin, tugann an Chúirt dá haire go bhfuil an App Store atá i gceist deartha go sonrach do mhargadh na hÍsiltíre. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an díobháil a líomhnaítear a rinneadh le linn na gceannachán a tharla sa spás fíorúil sin teacht chun cinn sa chríoch sin, gan beann ar shuíomh na n-úsáideoirí lena mbaineann tráth an cheannaigh. Dá bhrí sin, tá dlínse idirnáisiúnta agus críochach ag cúirt na hÍsiltíre.

Oibríonn iPhone agus iPad Apple leis an gcóras oibriúcháin iOS, atá réamhshuiteáilte ar na gléasanna sin. Is féidir aipeanna le haghaidh na ngléasanna sin a cheannach ar an App Store, ardán díolacháin ar líne arna bhainistiú ag Apple agus arna shuiteáil go córasach ar na gléasanna sin. Déanann an App Store aipeanna saor in aisce agus íoctha a thariscint, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó thír go tír, a fhorbraítear ag Apple nó ag tríú páirtithe (ar a dtugtar 'forbróirí'). Chun a n-aipeanna a dhíol ar an App Store, ní mór d'fhorbróirí comhaontú a dhéanamh le Apple. Cinntear praghas díola na n-aipeanna sin ar bhonn scála arna bhunú ag Apple. Ina theannta sin, coinníonn Apple, de réir mar a bheidh, 15 nó 30 % den phraghas sin mar choimisiún.

Chun rochtain a fháil ar an App Store, ní mór d'úsáideoirí ghléasanna Apple próifíl a chruthú ar dtús. Nuair atá Apple ID ag úsáideoir a léiríonn an Ísiltír mar thír nó réigiún agus a bhfuil rochtain aige ar an App Store, déantar é a atreorú mar réamhshocrú chuig an 'siopa ar líne' atá deartha go sonrach don tír sin. Más féidir leis an úsáideoir, go teoiriciúil, an tír atá bainteach lena phróifíl a athrú, ní mór dó glacadh le téarmaí agus coinníollacha nua agus modh íocaíochta bailí a bheith aige sa tír sin.

Is fondúireachtaí arna rialú ag dlí na hÍsiltíre iad Stichting Right to Consumer Justice agus Stichting App Stores arb é is cuspóir dóibh leasanna íospartaigh iompair neamhdhleathaigh ar thaobh ghrúpa Apple a chosaint. Thug siad dhá chaingean ionadaíocha os comhair Chúirt Amstardam chun leasanna comhchoiteanna 'grúpa atá sainithe go docht' a chosaint lena dtugtar le chéile daoine neamhaitheanta, ach inaitheanta, eadhon úsáideoirí, bídís ina dtomhaltóirí nó ina ngairmithe, a cheannaigh aipeanna a cruthaíodh ag forbróirí ar App Store NL. Maíonn na hiarratasóirí, go háirithe, go bhfuil Apple ag baint mí-úsáid as a cheannasacht ar an margadh chun aipeanna a dháileadh dá ghléasanna. Rinne an t-iompar frithiomaíoch sin dochar d'úsáideoirí na n-aipeanna sin.

Cuireann Apple i gcoinne dhlínse chúirt na hÍsiltíre chun an cás a éisteacht toisc nár tharla an teagmhas díobhálach líomhnaithe san Ísiltír agus, go háirithe, in Amstardam. Mar mhalairt air sin, áitíonn Apple nach féidir dlínse a bheith ag an gcúirt sin ach amháin maidir le hiarrataí a bhaineann le húsáideoirí a rinne ceannacháin in Amstardam, san App Store NL. Chinn an chúirt Ísiltíreach ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i ndáil leis an Rialachán maidir le dlínse. [1]

Ina breithiúnas a tugadh inniu, meabhraíonn an Chúirt a cásdlí socair ar dá réir nach mór an riail maidir le dlínse speisialta a leagtar síos sa Rialachán, lena gceadaítear don iarratasóir caingean a thabhairt os comhair na cúirte don áit inar tharla an teagmhas díobhálach nó ina bhféadfadh sé tarlú, a léiriú go huathrialach agus go docht. Is maolú é seo ar riail ghinearálta dhlínse chúirteanna shainchónaí an chosantóra.

Sa chás seo, tá an App Store atá i gceist deartha go sonrach do mhargadh na hÍsiltíre agus úsáideann sé an Ollainnis chun aipeanna a thairiscint lena ndíol d'úsáideoirí a bhfuil Apple ID acu a bhaineann leis an Ísiltír, a bhfuil cuid acu cruthaithe go sonrach don mhargadh sin. Dá bhrí sin, chun an áit inar tharla an damáiste a chinneadh, comhfhreagraíonn an spás fíorúil arb é atá ann App Store NL, ina ndearnadh na ceannacháin, do chríoch iomlán an Stáit sin. Dá bhrí sin, is dócha go dtarlóidh an damáiste a rinneadh le linn na gceannachán sin sa chríoch sin, gan beann ar shuíomh na n-úsáideoirí lena mbaineann tráth an cheannaigh.

Sa chomhthéacs sin, tugann an Chúirt dá haire go gcomhlíonann sainaithint na háite inar tharla an damáiste, d'fhonn a chinneadh cén chúirt a bhfuil dlínse aici, na cuspóirí maidir le gaireacht, intuarthacht na rialacha dlínse agus dea-riarachán an cheartais. Go háirithe, má dhíríonn App Store NL go sonrach ar mhargadh na hÍsiltíre, foráiltear go dtabharfar caingean le haghaidh dliteanais i leith ceannacháin a dhéantar ar an ardán sin os comhair aon chúirt de chuid na hÍsiltíre a bhfuil dlínse shubstainteach aici caingean den sórt sin a éisteacht i leith na n-úsáideoirí uile a cheannaigh táirgí digiteacha ar an ardán sin.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar fáil ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Règlement (UE) nº 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála.